
| | | | |
|---|---|---|---|
| **A** |  POBLACHT NA H EIREANN.<br>THE PROVISIONAL GOVERNMENT<br>OF THE<br>IRISH REPUBLIC<br>TO THE PEOPLE OF IRELAND. | **a haon** — **number one**<br>éirí amach — uprising<br>fógra — announcement<br>poblacht — republic<br>ceannaire — leader<br>oifig an phoist — post office<br>éirí le — to succeed<br>rug ar — captured<br>príosún — prison<br>maraigh — kill | Cad atá sa phictiúr seo?<br>What's in this picture?<br>Cén bhliain ina raibh Éirí Amach na Cásca?<br>What year was the Easter Rising?<br>Cad a bhí á iarraidh san éirí amach?<br>What was wanted in the uprising?<br>Cad a tharla do na ceannairí?<br>What happened to the leaders?<br>An bhfaca tú Ard Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath?<br>Did you see the General Post Office in Dublin? |
| **B** |  | **a dó** — **number two**<br>Poblacht na hÉirinn — Republic of Ireland<br>Taoiseach — PM of Ireland<br>Tánaiste — Deputy PM<br>Uachtarán — President<br>Príomh-Aire — Prime Minister<br>iar- — former<br>toghchán — election<br>rialtas — government<br>Dáil Éireann — Assembly of Ireland<br>Teachta Dála — TD | Cad is ainm d'Uachtarán na hÉireann?<br>What's the name of the President of Ireland?<br>Cén saghas rialtas é Éire?<br>What kind of government is Ireland?<br>Cé a d'éirigh as a phost inné?<br>Who resigned his job yesterday?<br>Cá raibh Taoisech na hÉireann ar Lá Fhéile Pádraig?<br>Where was the Irih Prime Minister on St. Patrick's Day? |

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | An léann tú an nuachtán? | Do you read the newspaper? |
| **2.** | An éisteann tú leis an raidió? | Do you listen to the radio? |
| **3.** | An mbreathnaíonn tú ar an nuacht ar do ríomhaire nó ar do fhón? | Do you look at the news on your computer or on your phone? |
| **4.** | An bhfuil suim agat sa pholaitíocht? | Are you interested in politics. |
| **5.** | An raibh tú i Washington DC nó i mBaile Átha Cliath riamh? | Were you ever in Washington DC or in Dublin? |
| **6.** | An raibh tú i bpríomhchathair tír eile riamh? | Where you ever in the capital of another country? |
| **7.** | Ar mhaith leat bheith i d'Uachtarán sna Stáit Aontaithe? | Would you like to be President in the United States? |

| | **Nuacht RTÉ – 8 Aibreán 2024** | **RTÉ News – April 8, 2024** |
|---|---|---|
| **1.** | Go raibh maith agat, a Ghráinne, agus go mbeannaí Dia dhaoibh. | Thank you, Gráinne, and God bless you all. |
| **2.** | Beidh an Taoiseach, Leo Varadkar, ag éirí as oifig inniu nuair a chuirfidh sé a shíniú go foirmeálta don Uachtarán, Mícheál D. Ó hUigínn. | The Taoiseach, Leo Varadkar, will be resigning from his office today when he will give his signature formally to the President, Michael D. Higgins. |
| **3.** | Tháinig an fógra a rinne an Taoiseach coicís ó shin aniar aduaidh. | The announcement that the Taoiseach made two weeks ago came as a surprise. |
| **4.** | Dúirt sé nár shíl sé gurb é an duine is fhearr é don phost níos mó. | He said that he didn’t think that he’s the best person for the job any more. |
| **5.** | Glactar leis go ndéanfar Taoiseach den cheannaire nua Fhine Gael, Simon Harris, sa Dáil amárach. | It is accepted that the new head of Fine Gael, Simon Harris, will be made Taoiseach in the Dail tomorrow. |
| **6.** | Ceapfaidh sé a chuid airí rialtais ina dhiaidh sin. | He will choose his government ministers after that. |
| **7.** | Tá dhá fholúntas le líonadh aige, a phost féin sa Roinn Ardoideachais agus post Simon Covney a d’fhógair go bhfuil sé ag éirí as An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. | He has two vacancies to fill, his own post in the Department of Higher Education and the post of Simon Covney, who announced that he will be resigning from the Department of Enterprise, Trade and Employment. |
| **8.** | Agus beidh Leo Varadkar ag freastal ar chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha inniu mar a dhualgas deireanach mar Thaoiseach. | And Leo Varadkar will be attending a meeting of the North South Ministerial Council in Armagh today as his last duty as Prime Minister. |
| **9.** | Beidh sé féin agus roinnt airí rialtais eile, Simon Harris in measc, ag dul go Tuaisceart Éirinn don chruinniú. | He and a few other government ministers, Simon Harris among them, going to Northern Ireland for the meeting. |
| **10.** | Cé gur mhaith leis Éire aontaithe, dúirt Simon Harris inné go mbeidh sé ag díriú sa gcéad aimsir ar chaidrimh tras-teorainn agus ar na gceisteanna eacnamaíochta níos airde a bheith ann. | Although he would like a united Ireland, Simon Harris said yesterday that he would be focusing at first on cross-border relations and on the higher economic questions. |
| **11.** | Príomhscéalta na Gaeltachta ag tosaí le príomhscéalta an Deiscirt. | Headlines from the Gaeltacht, beginning with headline of the South. |
| **12.** | Beidh páirc uile-aimsire Bhaile Mhuirne réitithe faoi dhá sheachtain déag agus bhféadtaí grúpaí pobail agus foirne an áit a úsáid ina dhiaidh sin. | The Balleyvourney all-weather park will be ready in 12 weeks and public groups and teams will be able to use the place after that. |
| **13.** | Inniu a bheas an chéad cheann de cheithre lá oscailte ann ina mbeidh teach siamsa na Carraige a thaispeáint do dhaoine a bhfuil suim acu é a cheannach. | Today will be the first of four opening days in which the Carraig fun-house will be shown to people who are interested in buying it. |

| | Irish | English |
|---|---|---|
| | **<u>Ginger i gCois Fharraige</u>**<br>**Le Caitlín Uí Thallamhain** | **<u>Ginger in Cois Fharraige</u>**<br>**By Caitlín Uí Thallamhain** |
| **1.** | Maidin áirithe i lár mí Iúil bhí mise in éineacht le breis agus dhá chéad páistí eile ag stáisiún Shraith an Iarthair, ag dul isteach sa traein speisialta ar an mbealach go Gaillimh. | A certain morning in the month of July I was together with more than two hundred other children at the Sraith an Iarthair station, going into the special train on the way to Galway. |
| **2.** | Rinne m'athair agus mo mháthair mé a thionlacan chun an stáisiúin. | My father and my mother accompanied me to the station. |
| **3.** | Bhí mo sheanmháthair ag tabhairt aire do na leanaí eile. | My grandmohter was taking care of the other children. |
| **4.** | An oíche roimhe sin cheapfá go raibh mé ag imeacht go dtí an Astráil leis an rírá sa teach. | The night before you would think I was going to Australia with the hubbub in the house. |
| **5.** | Bhí Mugser buartha go raibh mé ag imeacht ach dúirt mé leis go mbeadh a lán rudaí le hinsint agam dó nuair a thiocfainn ar ais. | Mugser was worried that I was leaving but I told him that I would have many things to tell him when I would come back. |
| **6.** | Cheap mé go raibh aiféala air ag an nóiméad deireanach nach ndearna sé an scrúdú é féin. | I thought he was regretting at the last minute that he didn't do the exam himself. |
| **7.** | Bhí buachaill eile as an gCearnóg a raibh aithne againn air ag teacht agus bhí sé socraithe againn dul go dtí an teach céanna. | There was another boy from An Chearnóg who I knew coming and we had arranged to go to the same house. |
| **8.** | Bhí cruinniú mór ag Coiste na bPáistí agus ár dtuismitheoirí roinnt laethanta roimhe sin agus tugadh eolas dúinn ar an áit agus ar na tithe ina rabhamar le fanacht. | The Children's Committee and our parents had a big meeting a few days before that and information was given to us about the place and the houses where we were to stay. |
| **9.** | Tugadh píosa páipéir do gach páiste agus a ainm féin air, an scoil ina raibh sé agus ainm an tí i gCois Fharraige ina mbeadh sé ag fanacht ar feadh na míosa. | A piece of paper was given to each child and his own name on it, the school where he was at and the house in Cois Fharraige where he would be staying for the month. |
| **10.** | Bhí mise agus Peadar Ó Duibhir le bheith ag fanacht i dteach Uí Cheannabháin ar na hAille. | Peter O'Dwyer and I were to be staying in O'Canavan's house in Aille. |
| **Q1.** | Cathain a tharlaíonn an scéal seo? | When does this story happen? |
| **Q2.** | Cé mhéad páistí a bhí ag an stáisiún? | How many kids were at the station? |
| **Q3.** | Cá bhfuil na páistí ag dul? | Where are the kids going? |
| **Q4.** | Cad a bhí scríofa ar an bpíosa páipéir a fuair na páistí? | What was written on the piece of paper that the children got. |
| **Q5.** | Cad is ainm do chara an scéalaí? | What's the name of the storyteller's friend? |